



Imlitir 0010/2022

**CHUIG: BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS FOIRNE TEAGAISC NA
mBUNSCOILEANNA AGUS NA SCOILEANNA SPEISIALTA I LIMISTÉIR
PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA**

POLASAÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA 2017-2022

**Bunscoileanna Agus Scoileanna Speisialta I Limistéir Pleanála Teanga
Ghaeltachta Atá Rannpháirteach Sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta**

**Feidhmiú Leanúnach na Scéime
(2022 - 2024)**

1. Cuspóir na hImlitreach seo

Is é cuspóir na hImlitreach seo ná a chur in iúl d'údarais scoileanna na chéad chéimeanna eile atá le glacadh ag an Roinn Oideachais (Roinn) agus ag bunscoileanna/scoileanna speisialta maidir le feidhmiú leanúnach na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (Scéim) in 2022/2023 agus 2023/24. Leanann an Imlitir seo ó Imlitir 0012/2021 agus ó imlitreacha roimhe seo ar an Scéim a chlúdaíonn an tréimhse ó 2017 go 2020/21.

Achoimre ar na príomhphointí:

- Tabharfar faoin bpróiseas chun aitheantas scoileanna mar Scoileanna Gaeltachta a dheimhniú faoi théarmaí na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta le linn na tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2022 go 2024. Déanfaidh an tAonad um Oideachas Gaeltachta maoirsiú ar an bpróiseas seo i gcomhar le Cigireacht na Roinne agus le tacaíocht ó COGG. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fheidhmiú an phróisis, ar fáil do scoileanna sa Scéim tar éis na Cásca 2022.
- Ba chóir do scoileanna leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag déanamh monatóireacht ar chur i bhfeidhm an tumoideachais chun na critéir theangabhunaithe (Aguisín 1) a chomhlíonadh trí na spriocanna reatha a athbhreithniú mar aon le spriocanna agus gníomhaíochtaí nua a aithint chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta. Meabhraítear chomh maith do scoileanna úsáid a bhaint as an [Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas](#) chun tacú le hiarrachtaí na mbord bainistíochta agus pobail scoile.
- Leanfar le tacaíochtaí spriocdhírthe breise a sholáthar chun tacú le rannpháirtíocht scoileanna sa *Scéim* lena n-áirítear uaireanta tacaíochta don Ghaeilge, deontas d'acmhainní i nGaeilge, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus cuairteanna/seisiúin chomhairleacha ón gCigireacht. Díreoidh na seisiúin chomhairleacha ach go háirithe ar fhianaise a bhailiú ar an dul chun cinn atá déanta ag scoileanna i bhfeidhmiú na gcritéir theangabhunaithe chun an tumoideachas a neartú. Déanfar samplaí de dheachleachtas sa tumoideachas a bhailiú agus a roinnt i gcomhar le scoileanna aonair.



Aguisíní leis an Imlitir seo:

Aguisín 1: Na critéir theangabhunaithe um aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta.

Aguisín 2: Treoir chun an leas is éifeachtaí a bhaint as na huaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge

Aguisín 3: *Foirm Iarratais do Chnuasach Scoileanna:* Cuirtear an fhoirm iarratais seo ar fáil do bhunscoileanna sa Scéim ar féidir leo a gcuid uaireanta do thacaíocht teanga don Ghaeilge agus/nó na huaireanta atá leithdháilte don teagasc oideachas speisialta a thabhairt le chéile chun poist teagasc lánaimseartha shealadacha a chruthú.

2. Clár tacaíochta do bhunscoileanna/scoileanna speisialta sa Scéim (2022 - 2024)

Mar atá leagtha amach in Imlitreacha roimhe seo ar an Scéim, lena n-áirítear Imlitir 0012/2021, tá na scoileanna atá páirteach sa Scéim agus ag obair chun na critéir theangabhunaithe a chomhlíonadh (Aguisín 1) incháilithe chun tacaíochtaí agus acmhainní breise a rochtain ar mhaithe leis an tumaoidéachas a neartú. Leanfar leis na tacaíochtaí breise a sholáthar do bhunscoileanna atá páirteach sna scoilbhlianta 2022/2023 agus 2023/2024, mar atá thíos:

• Uaireanta breise do thacaíocht na Gaeilge:

Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta – bunscoileanna	
Rollúchán bunscoile ar 30 Meán Fómhair 2021 don scoilbhliain 2022/23 agus ar 30 Meán Fómhair 2022 don scoilbhliain 2023/24	Líon na n-uaireanta breise in aghaidh na seachtaine do thacaíocht na Gaeilge do na scoilbhlianta 2022/23 agus 2023/2024
<50	5
51-80	7.5
81-140	10
141-173	12.5
174-242	15
243-464	17.5
>465	25

- Is chun tacú le riachtanais aitheanta na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimoirí Gaeilge amháin ar chóir na huaireanta breise do thacaíocht na Gaeilge a úsáid ionas go bhforbróidh agus go saibhreoidh siadsan a n-inniúlacht sa Ghaeilge, go háirithe a gcuid Gaeilge labhartha. Tá treoir bhreise in **Aguisín 2** chun an leas is éifeachtaí a bhaint as na huaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge. Leanfar de mhonatóireacht ar úsáid na n-uaireanta seo le linn cuairteanna/seisiúin chomhairleacha na Cigireachta.
- Cuirtear na huaireanta tacaíochta Gaeilge seo ar fáil mar uaireanta páirtaimseartha do na scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim. Beifear ag súil go ndéanfaidh scoileanna leithdháileadh na n-uaireanta tacaíochta teanga seo a bhainistiú go héifeachtach ionas go mbainfidh daltaí atá ag foghlaim trí Ghaeilge an leas is mó astu. Is féidir le scoileanna cnuasaigh a chruthú do phoist teagasc lánaimseartha sealadacha trí na huaireanta tacaíochta teanga Gaeilge a thabhairt le chéile. Tá foirm Iarratais do Chnuasach Scoileanna ar fáil in **Aguisín 3** agus ar láithreán gréasáin na Roinne. Ní mór Foirm Iarratais do Chnuasach Scoile a sheoladh chuig aog@education.gov.ie faoi 9 Bealtaine do gach scoilbhliain lena mbaineann sí.



Cé go leithdháiltear na huairanta tacaíochta teanga don Ghaeilge faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus na huairanta faoi leithdháileadh an teagaisc d'oideachais speisialta do thacaíocht scoile agus do thacaíocht scoile móide céimeanna an chontanaim ar leithligh mar gheall ar chuspóirí riaracháin, is féidir le scoileanna laistigh den chnuasach scoileanna, na huairanta seo a chur le chéile chun post teagaisc sealadach a chruthú do na scoilbhlianta 2022/23 agus 2023/24. I gcásanna mar seo, ní mór do scoileanna a chinntiú go bhfuil na múinteoirí a roghnaítear do na poist seo cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus go bhfuil ardleibhéal inniúlachta sa Ghaeilge acu agus tuiscint mhaith acu ar an tumoideachas.

- **Leithdháileadh deontais:** Íocfar deontas bliantúil de €1,200 in 2022 agus in 2023 le gach bunscoil/scoil speisialta atá páirteach sa Scéim chun acmhainní teagaisc Gaeilge a cheannach chun tacú le soláthar tumoideachais atá ar ardcháilíocht. Tá liosta acmhainní i nGaeilge ar fáil ó [láithreán gréasáin COGG](#).

Beidh sé de dhualgas ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta gach taifead ar chaiteachas a choimeád chun críche iniúchta de réir na nósanna imeachta don soláthar poiblí (féach soláthairtí ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: Imlíir 0013/2014). Caithfidh údarais scoileanna a dheimhniú freisin go sásaítear riachtanais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus na Roinne Oideachais maidir le sócmhainní a sholáthar, a úsáid agus a dhiúscairt.

- **Tacaíocht ón gCigireacht:** Beidh cuairteanna/seisiúin chomhairleacha á ndéanamh ag cigirí chun tacaíocht a sholáthar do scoileanna faoi na critéir theangabhunaithe a chur i bhfeidhm chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach. Cuirfidh siad eolas ar fáil don Roinn Oideachais freisin faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag scoileanna. I gcomhar le scoileanna, cuideoidh cigirí le samplaí de chleachtas nuálach bainteach le soláthar tumoideachais ar ardchaighdeán a aithint. Mar thoradh ar na cúinsí eisceachtúla a d'eascair ón bpaindéim dhomhanda, cuirfear seisiúin chomhairleacha ar líne ar fáil do scoileanna, nuair nach féidir cuairteanna aghaidh-ar-aghaidh a dhéanamh.
- **Tacaíocht don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL):** Cuirfidh COGG tacaíocht FGL ar fáil do bhunscoileanna atá páirteach sa Scéim agus tá rochtain ag na scoileanna seo ar FGL eile a sholáthraítear go náisiúnta mar is gnách. Leanfar le teaghlaim de sheimineáir ghréasáin chianfhoghlama agus le seisiúin aghaidh-ar-aghaidh a sholáthar (nuair is féidir agus de réir na dtreoirlínte sláinte poiblí) ar mhaithe le tacú leis na riachtanais FGL atá ag teacht chun cinn agus an tumoideachas á chur i bhfeidhm ag scoileanna. Leanfaidh COGG ar aghaidh ag éascú deiseanna chun líonraí ar líne príomhoidí agus múinteoirí a fhorbairt ar mhaithe le dea-chleachtas a aithint agus a roinnt. Déanfar gach iarracht sábháilteacht agus cosaint na rannpháirtithe a chinntiú agus chun an cur isteach ar am teagmhála múinteoirí-daltaí a íoslghdú.

Más gá, agus de réir mar a bhíonn fáil ar acmhainní, beidh ionadaíocht ar fáil in 2022/23 agus in 2023/24 tríd an gCóras Éileamh ar Líne (CÉL/OLCS), nó faoi bhainistíocht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) ábhartha, d'uasmhéid dhá lá do bheirt mhúinteoirí i scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim, freastal ar sheimineáir/cheardlanna COGG. Is féidir na laethanta seo a éileamh ón gCóras Éileamh ar Líne trí seo a leanas a roghnú: *Forbairt Ghairmiúil Leanúnach /Gníomhaíochtaí Gairmiúla - Polasaí um Oideachas Gaeltachta*.

Cuirfidh COGG na sonraí ar fáil maidir le pleananna FGL do scoileanna atá páirteach sa Scéim. Chomh maith leis sin, is féidir le gach scoil sa Scéim iarratas a dhéanamh chuig [An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí](#) (SFGM) do thacaíocht shaincheaptha scoile i ngach réimse den teagasc, den fhoghlaim agus den fhéinmheastóireacht scoile.



- **Tairseach gréasáin COGG:** Leanfar ar aghaidh ag forbairt acmhainní teanga d'earnálacha na Gaeltachta agus na Gaelscolaíochta. Beidh tairseach gréasáin COGG, [An Tairseach](#), a sheolfar le linn 2022, nasctha le Scoilnet agus le suíomhanna gréasáin ábhartha agus tacóidh sé le pleanáil scoile uile, teagasc, foghlaim agus measúnú. Cuirfear gach scoil Ghaeltachta ar an eolas faoin raon acmhainní teagaisc agus foghlama Gaeilge atá ar fáil ar an tairseach. Cuirfear tacaíocht ar fáil do scoileanna faoin tslí leis na hacmhainní ar líne a rochtain agus a úsáid, mar aon leis an mbealach chun a n-acmhainní féin a fhorbairt agus a roinnt ar an tairseach.
- **Naisc idir suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige:** I mí an Mheithimh 2021 foilsíodh [Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Naisc a neartú idir bunscoileanna agus suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim \(LFC\)](#), arna choimisiúnú ag COGG, chun tacú le cur i bhfeidhm an tumoideachais. Soláthraíonn an treoir fianaise-bhunaithe seo comhairle phraiticiúil, agus eiseamláirí den dea-chleachtas, lena chinntiú gur eispéireas dearfach é an t-aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil do pháistí na Gaeltachta.
- **Naisc leis an bpróiseas pleanála teanga:** Tá [Treoir do Scoileanna Gaeltachta: Comhpháirtíocht leis an bpobal chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn](#) forbartha ag an Roinn Oideachais i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, Údarás na Gaeltachta, COGG, Gaeloideachas agus gníomhaireachtaí ábhartha eile. Cuireann an treoir seo, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2021, comhairle phraiticiúil ar fáil ar an mbealach is fearr le naisc, gafacht agus rannpháirtíocht a neartú idir bainistíocht na scoile, pobal iomlán na scoile agus an coiste pleanála teanga áitiúil.
- **Oideachas Speisialta i Suíomhanna Tumoideachais:** Forbrófar Treoir do scoileanna Gaeltachta ar oideachas speisialta i suíomhanna tumoideachais lán-Ghaeilge i gcomhar le COGG in 2022. Is mar thaca le cur i bhfeidhm *Treoirlínte do Bhunscoileanna (Aguisín 5): Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu.*
- **Eiseamláirí dea-chleachtas a roinnt:** Cuirfear pleananna chun cinn in 2022-2024 chun samplaí de chleachtas nuálach sa tumoideachas a aithint agus a roinnt i scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim. Roinnfear tuilleadh sonraí leis na scoileanna sa Scéim in am trátha.

3. Gníomhphleanáil ar bhonn scoile uile chun an tumoideachas a threisiú

Cuireann an fhéinmheastóireacht scoile ar chumas scoileanna páirt a ghlacadh i bpróiseas gníomhphleanála timthriallach lena n-áirítear athbhreithniú rialta. Mar chuid den phróiseas gníomhphleanála feabhsúcháin, ba chóir fianaise a bhailiú, breithmheasanna a dhéanamh, spriocanna sainiúla a aithint, gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na spriocanna, agus spriocanna nua a leagan amach chun cáilíocht an tumoideachais i scoileanna a threisiú.

Caithfidh scoileanna atá páirteach sa chlár DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) agus sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta leanúint le spriocanna agus gníomhaíochtaí a aithint, a athbhreithniú agus iad a choinneáil i **ndoiciméad gníomhphleanála aonair ar leith a bhfuil lipéad soiléir air**. Ba chóir na spriocanna agus na gníomhaíochtaí teangabhunaithe do théamaí DEIS¹ mar aon le haon réimse/í tosaíochta

¹ Plean DEIS 2017 - Na Téamaí: tinreamh, coinneáil, litearthacht agus uimhearthacht, ceannaireacht, folláine, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), aistrithe, comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus eile.



FMS eile a chuimsiú faoi na fotheidil ábhartha sa ghníomhphlean ar mhaithe le monatóireacht ar dhul chun cinn agus forbairt a éascú.

Ba chóir do scoileanna achoimre ghairid ar thuirisc fhéinmheastóireachta na scoile agus ar phlean feabhsúcháin na scoile a roinnt le pobal na scoile go bliantúil.

4. Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Leanfaidh an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) leis an Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar an Scéim i gcomhar leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta agus le Cigireacht na Roinne Oideachais in 2022-2024. Is é cuspóir an staidéir taighde ná tionchar na Scéime ar an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a mheas agus iniúchadh a dhéanamh ar conas atá scoileanna ag bainistiú na gcritéar teangabhunaithe a chomhlíonadh chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach. Spreagann agus cothaíonn rannpháirtíocht sa Scéim naisc fhiúntacha idir pobal na scoile agus na coistí pleanála teanga áitiúla ar mhaithe le húsáid na Gaeilge a leathnú i bpobail Ghaeltachta.

Foilsíodh Tuarascáil tosaigh ar [Scoileanna Cás-staidéir atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta](#) i mí Mheán Fómhair 2021. Tugann na cás-staidéir seo, a rinneadh i dhá bhunscoil déag agus seacht n-iar-bhunscoil, léargas cuimsitheach ar nuálaíochtaí agus dea-chleachtais na scoileanna féin agus ar a gcuid foghlama go dtí seo. Aithnítear comhoibriú agus rannpháirtíocht leanúnach na scoileanna sa taighde seo.

Tá an FTO ag déanamh taighde ar ghnóthachtáil daltaí agus ar thuairimí tuismitheoirí, daltaí, múinteoirí agus príomhoidí scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim. Foilseofar tuarascáil ar thorthaí an taighde seo in 2022/23.

5. Próiseas Deimhnithe d'Aitheantas mar Scoil Ghaeltachta

Cuirfear próiseas deimhnithe d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta i bhfeidhm sa tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2022 go 2024. Beidh an próiseas á mhaoirsiú ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta i gcomhar le Cigireacht na Roinne agus le tacaíocht ó COGG. Cuirfear san áireamh sa phróiseas deimhnithe a chuirfear i bhfeidhm aiseolas a fuarthas ó eagraíochtaí ábhartha, lena n-áirítear an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM), Údarás na Gaeltachta, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus baill eile den Choiste Comhairleach um Polasaí um Oideachas Gaeltachta. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fheidhmiú an phróisis seo ar fáil i dTreoir do Bhunscoileanna, a eiseofar chuig scoileanna tar éis na Cásca 2022.

6. Eolas Breise/Ceisteanna Coitianta

Beidh rannpháirtíocht leanúnach scoileanna sa Scéim ag brath ar choinníollacha na hImlitreach seo, agus aon imlitreacha eile a bhaineann leis an Scéim, a shásamh. Más é cinneadh na Roinne, ag aon am, nach bhfuil coinníollacha na Scéime á gcomhlíonadh, coimeádtar an ceart scoil a bhaint den Scéim. Má bhítear míshásta le cinneadh na Roinne maidir le haon ghné ar leith de riar na Scéime, déanfaidh painéal neamhspleách achomharc é a mheas.

Tá eolas breise faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 le fáil ar gov.ie.



Ba chóir fiosruithe maidir leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus/nó faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta a sheoladh ar ríomhphost chuig aog@education.gov.ie.

Muireann Tóibín

An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais

26 Aibreán 2022

Iarrtar ar phríomhoidí bunscoileanna agus scoileanna speisialta i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta aird gach comhalta uile den bhord bainistíochta/bhord oideachais agus oiliúna, na múinteoirí (lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta), pátrún na scoile, na foirne coimhdí, na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus an phobail scoile áitiúil, a dhíriú ar an Imlitir seo.

Tá fáil ar an imlitir seo ar www.gov.ie

Aguisín 1

Na critéir theangabhunaithe um aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta: Féinmhnatóireacht ar dhul chun cinn na scoile i leith na gcritéar teangabhunaithe chun an tumoideachas a neartú



	Na critéir theangabhunaithe do bhunscoil Ghaeltachta	1	2	3	4
		le cur i bhfeidhm	dul chun cinn déanta	á chur i bhfeidhm	curtha i bhfeidhm
1	Clár lántumtha dhá bhliain² trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn				
2	Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge				
3	Eispéiris oideachais ardchaighdeán trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge ³ chomh maith le foghlaimoirí Gaeilge				
4	Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt: a) a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus b) a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta)	a)			
		b)			
5	Athbhreithniú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS)				
6	Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1⁴ i gCuraclam Teanga na Bunscoile do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge				
7	Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla				
8	Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge				
9	Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta				
10	Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile				
11	Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suímh luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (<i>naíonraí</i>)				
12	Naisc theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le hiar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge				
13	Gach iarracht foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta.				

² Ciallaíonn clár lántumtha (clár luath-thumoideachais) go bhfeidhmíonn an timpeallacht oideachais trí Ghaeilge i ranganna na naíonán agus go dtosófar ar mhúineadh an Bhéarla ó Rang a 1. Cuidíonn sé seo le forbairt níos iomláine ar inniúlachtaí teanga na leanaí sa Ghaeilge i ranganna na naíonán.

³ Sainmhínítear cainteoir dúchais Gaeilge mar leanbh a thógtar trí Ghaeilge i bpobal Gaeilge ina labhraíonn a t(h)uismitheoirí Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa bhaile, agus go ndeirtear amlaidh nuair a chláraítear ar scoil é/í (Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, lch 11).

⁴ Tagraíonn T1 don Ghaeilge mar phríomhtheanga na scoile i dtaca le teagasc agus foghlaim, agus cumarsáid i ngnóthaí oifigiúla, riaracháin, siamsaíochta agus caitheamh aimsire.



Treoir chun an leas is éifeachtaí a bhaint as na huaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge

Ag leibhéal na bainistíochta scoile

- Ba chóir don bhord bainistíochta agus d'fhoireann bainistíochta na scoile monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann úsáid na n-uaireanta teanga breise don Ghaeilge chun tairbhe na foghlama do dhaltaí. Ba chóir athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar éifeachtacht an tsoláthair tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile.
- Tá gá le comhoibriú, ar bhonn scoile uile agus ag leibhéal an ranga, chun ról na múinteoirí príomhshrutha, ról an mhúinteora oideachais speisialta, ról an mhúinteora tacaíochta don Ghaeilge agus ról an chúntóra teanga a aontú ionas gur féidir tacú le riachtanais idirdhealaithe teanga na ndaltaí.

Pleanáil don teagasc agus don mheasúnú i gcomhar leis na múinteoirí príomhshrutha

- Ba chóir measúnú foirmitheach agus suimitheach a dhéanamh ar inniúlacht teanga na ndaltaí sa Ghaeilge chun monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn, agus é seo a dhéanamh i gcomhar leis na múinteoirí ábhartha eile agus leis an gcúntóir teanga.
- Mar chuid de phlean feabhsúcháin na scoile, ba chóir don scoil leas a bhaint as na torthaí measúnaithe is déanaí chun riachtanais foghlama teanga na ndaltaí a aithint. Cabhróidh sé seo leis na múinteoirí uile tuiscint níos cuimsithí a fháil ar riachtanais teanga na ndaltaí, agus idirghabhálacha a phleanáil dá réir.
- Ba cheart taifid shoiléire a choinneáil ar dhul chun cinn gach dalta sa Ghaeilge mar threoir don teagasc agus don fhoghlaim, agus an t-eolas ábhartha a roinnt le tuismitheoirí, de réir mar is cuí.
- Tá an-tábhacht ag baint le feasacht na ndaltaí mar fhoghlaimeoirí teanga a fhorbairt tríd an bpróiseas measúnaithe agus bheadh tairbhe le scileanna féinmheasúnaithe agus piarmheasúnaithe na ndaltaí a fhorbairt.
- Moltar na daltaí a chumasú dialann teanga/loga foghlama a fhorbairt, a léiríonn a n-inniúlacht teanga agus a ndul chun cinn, chun cabhrú leo monatóireacht agus féinmheastóireacht a dhéanamh ar a n-aistear foghlama féin. D'fhéadfaí an dialann/loga a dhearadh i slí a léireodh a spriocanna foghlama, na spriocanna a bhain na daltaí amach agus na heispéiris foghlama a chruthaigh dúshlánach don dalta ar a aistear foghlama teanga.

Ag leibhéal an ranga

- Is gá an teanga acadúil agus an tsaintearmaíocht a ghabhann leis na hachair éagsúla churaclaim a mhúineadh do dhaltaí. Ba chóir deiseanna rialta a sholáthar dóibh an téarmaíocht nua a chleachtadh agus a shealbhú ar bhealaí atá cruthaitheach agus nuálach.
- Is pointe tosaigh an-tábhachtach an taithí luath a bhíonn ag daltaí ar fhoghlaim na teanga chun tuilleadh forbartha teanga a dhéanamh. I gcomhpháirt leis an múinteoir tacaíochta agus an múinteoir ranga, ba chóir clár luath-idirghabhála do litearthacht na Gaeilge, bunaithe ar phrionsabail Aistear, a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán ina ndíreofar aird ar leith ar shainriachtanais teanga na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí ar bheagán Gaeilge.
- Is foinse shaibhir iad na cainteoirí dúchais chun cumas teanga na ndaltaí uile a neartú. Ba chóir tógáil ar inniúlacht teanga na gcainteoirí siúd freisin agus cur lena saibhreas teanga trí ghníomhaíochtaí i ngrúpaí agus tríd an gcomhtheagasc.
- Moltar úsáid a bhaint as straitéisí teagaisc difreáilte, ceistiúchán, cluichí agus tascanna cumarsáide. Cuidíonn ionchur saibhríthe teanga ón múinteoir agus rannpháirtíocht i dtascanna (ar nós obair thionscadail, rólimirt, drámaíocht, plé agus an chomharfhoghlaim) le daltaí spriocstruchtúir na teanga a aithint agus a ionramháil. Cuireann sé seo go mór lena bhféinmhuinín i labhairt na Gaeilge.



- Is féidir rannpháirtíocht na ndaltaí a spreagadh agus a scileanna teanga a fhorbairt trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach agus naisc dhigiteacha, bíodh scoláirí ar scoil nó sa bhaile.
- Is féidir leas a bhaint as an litríocht chun scileanna scríbhneoireachta agus léitheoireachta na ndaltaí chomh maith lena saibhreas, cruinneas, feasacht agus cruthaitheacht teanga a fhorbairt ar bhonn comhtháite, de réir mar atá leagtha amach i gCuraclam Teanga na Bunscoile.
- Tá sé fíorthábhachtach go soláthrófaí ábhar leathan léitheoireachta agus litríochta sa Ghaeilge do dhaltaí a chlúdaíonn réimse leathan seánraí, litríocht áitiúil agus bhéil san áireamh, agus a oireann dá réimsí spéise, dá n-aois agus dá gcumas sa teanga.
- Ba cheart aird na ndaltaí a dhíriú ar chainteoirí sa cheantar agus lasmuigh de ar fhoinsí dílse de shaíocht agus saibhreas na Gaeilge iad. Ba chóir deiseanna a thapú cuireadh a thabhairt dóibh siúd teacht chun na scoile mar aoichainteoirí chun na daltaí a spreagadh bheith mórtasach as an teanga agus as an gcultúr.

Lasmuigh den rang

- Is trí rannpháirtíocht in imeachtaí teanga agus cultúrtha a threisítear inspreagthacht, inniúlacht teanga agus féiniúlacht na ndaltaí mar chainteoirí Gaeilge agus mar bhaill dá bpobal teanga féin agus lasmuigh de. I measc na ngníomhaíochtaí seo, tá comórtais nó féilte liteartha, fiontraíochta, iriseoireachta, díospóireachta, ealaíona agus spóirt chomh maith le rannpháirtíocht i ngluaiseachtaí Gaeilge agus líonraí le daltaí ó scoileanna lán-Ghaeilge T1 eile.

Aguisín 3



Foirm Iarratais do Chnuasach Bunscoileanna 2022/23 agus 2023/24 (Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta)

Foirm Iarratais chun post lánaimseartha sealadach a chruthú trí chnuasach scoileanna do 2022/23 agus 2023/24

Caithfear an fhoirm seo a chomhlánú agus cóip leictreonach (scanta le sínithe) a sheoladh ar ais ar r-phost aog@education.gov.ie chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta **faoin 9 Bealtaine den scoilbhliain lena mbaineann sé.**

Caithfidh scoileanna a dheimhniú go bhfuil ard-inniúlacht sa Ghaeilge agus tuiscint mhaith ar an tumoideachas ag na múinteoirí a roghnaítear ionas gur féidir leo na ról a chomhlíonadh, de réir mar is gá.

	Roghanna don chnuasach	Cuir tic le rogha amháin le do thoil
A	Tacaíocht teanga don Ghaeilge a chnuasach idir scoileanna	
B	Tacaíocht teanga don Ghaeilge agus uaireanta don teagasc oideachas speisialta idir scoileanna a chnuasach	
C	Tacaíocht teanga don Ghaeilge agus uaireanta don teagasc oideachas speisialta sa scoil chéanna a chnuasach	

Sonraí na scoile bunaidh don phost nua lánaimseartha sealadach a cruthaíodh trí uaireanta a chnuasach (1 phost = 25 uair an chloig)

Ainm na scoile bunaidh:
(Ní mór don scoil bhunaidh a bheith rannpháirteach sa *Scéim*)

Uimhir rolla:

Seoladh na scoile:

Ríomhphost na scoile:

Uimhir ghutháin:

Sonraí na scoileanna páirtnéara don phost nua lánaimseartha sealadach a cruthaíodh trí uaireanta a chnuasach (1 phost = 25 uair an chloig)

	Ainm na scoile	Uimhir rolla	Líon iomlán na n-uaireanta tacaíocht teanga leithdháilte don scoil faoin Scéim	Líon na n-uaireanta do thacaíocht na Gaeilge sa chnuasach	Líon uaireanta don teagasc oideachas speisialta sa chnuasach
Scoil bhunaidh					
An dara scoil					
An tríú scoil					
Iomlán na n-uaireanta sa chnuasach:					

Sonraí na n-uaireanta tacaíochta Gaeilge nach bhfuil in úsáid sa chnuasach seo (i.e líon iomlán



na n-uaireanta tacaíochta teanga lúide na n-uaireanta tacaíochta teanga sa chnuasach). Déanfar na huairanta seo a fhaomhadh mar uaireanta páirtaimseartha ar an CEAL (OLCS).

	Ainm na scoile	Uimhir rolla	Líon na n-uaireanta do thacaíocht na Gaeilge <u>NACH BHFUIL</u> in úsáid sa chnuasach
Scoil bhunaidh			
An dara scoil			
An tríú scoil			
Iomlán:			

Déanfar gach cnuas-shocrú maidir le poist nua lánaimseartha shealadacha a eascraíonn ó uaireanta do thacaíocht teanga na Gaeilge a chur le chéile do na scoilbhlianta 2022/23 agus 2023/24 amháin.

Le nótaíl: Sa chás eisceachtúil go bhfuil scoil rannpháirteach i níos mó ná cnuasach amháin, caithfear an fhoirm chuí a sheoladh isteach do gach cnuasach.

Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas thuas cruinn agus go n-aontaím leis na cnuas-shocruithe atá molta don phost seo mar atá leagtha amach thuas.

AN SCOIL BHUNAIDH: Ainm na scoile: _____ Uimhir rolla: _____

Síniú phríomhoide na scoile bunaidh Síniú chathaoirleach na scoile bunaidh

Dáta: _____ Uimhir theagmhála: _____

AN DARA SCOIL: Ainm na scoile: _____ Uimhir rolla: _____

Síniú phríomhoide na dara scoile Síniú chathaoirleach na dara scoile

Dáta: _____ Uimhir theagmhála: _____

AN TRÍÚ SCOIL: Ainm na scoile: _____ Uimhir rolla: _____

Síniú phríomhoide na tríú scoile Síniú chathaoirleach na tríú scoile

Dáta: _____ Uimhir theagmhála: _____

Cuirfear an t-eolas san fhoirm seo ar fáil do ranna ábhartha na Roinne, de réir mar is gá. Tabharfar cóip den fhoirm seo do Rannóg Leithdháileadh Múinteoirí na Roinne don taifead.

Is í an phríomhchúis go bhfuil na sonraí pearsanta atá á soláthar agat de dhíth ar an Roinn ná chun socruithe a dhéanamh do chnuasach scoileanna ar mhaithe le poist roinnte shealadacha a chruthú sna scoilbhlianta 2022/23 agus 2023/24. Tá sé seo ar bhonn na n-uaireanta breise a cuireadh ar fáil do scoileanna faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. D'fhéadfaí an t-eolas pearsanta a sholáthraítear a mhalartú le ranna eile sa Roinn Oideachais agus le scoileanna eile atá páirteach i gcnuas-shocruithe. Tá fáil ar mhionsonraí maidir le polasaí um chosaint sonraí na Roinne ina ndéantar cur síos ar an tslí ina mbainfear úsáid as do shonraí pearsanta, mar aon le heolas faoi do chearta mar ábhar sonraí, ar fáil ag gov.ie.

